

Feidhm: Ag ainmniú na mball corp
Bileoga: 9.1 agus 9.2

- Scaip **Bileog 9.1** agus iarr ar gach beirt dul siar a dhéanamh ar na baill coirp. Ansin éist leis na focail a bheidh acu agus cuir leo más gá.
- Scaip **Bileog 9.2**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Ceartaigh Cuid A leo ansin. Bí cinnte go bhfuil an fuaimniú ceart ag gach duine.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh.

Freagraí:

Canúint na Mumhan	caincín, pluic, scornach
Canúint Chonnachta	srón, gob, leicne, scornach
Canúint Uladh	gaosán, béal, pluca, sceadamán

- Abair leo scéal na mball corp sna canúintí éagsúla a phlé le chéile ach cuir thusa treoir agus eolas ar fáil.

Feidhm: Ag cur ceiste cén chuma atá ar dhuine
Bileoga: 9.3 agus 9.4

- Scaip **Bileog 9.3** ar an rang agus léigh tríd na treoracha faoi Chuid A.
- Tabhair seans dóibh an téarma a bhriseadh síos le tuiscint níos fearr a fháil faoi cad é go díreach atá i gceist le **Forainmneacha Réamhfhoclacha**.

Forainm



Pronoun
(focal a bhíonn in áit ainmfhocail
Mar shampla: *é* in áit *John*)

réamh



before

(focal a cheanglaíonn forainm/ainmfhocal le cuid eile den abairt)

fhoclach



the word (preposition)

(focal a cheanglaíonn forainm/ainmfhocal le cuid eile den abairt)

- Cuid B: Abair leo na forainmneacha réamhfhoclacha a chur san ord ceart, ag tosú le **orm** agus le **agam**.

orm	agam
ort	agat
air	aige
uirthi	aici
orainn	againn
oraibh	agaibh
orthu	acu

- Cuid C: Seans atá anseo do na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar cad é go díreach atá i bhforainm réamhfhoclach.

orm = ar + mé

- Mura bhfuil na forainmneacha réamhfhoclacha **liom, leat** nó **fúm, fút** ar eolas acu iarr orthu an taighde a dhéanamh iad féin sa bhaile. Beidh siad le fáil i bhfoclóir, leabhar gramadaí ar bith nó ar an idirlíon.
- Scaip **Bileog 9.4**.
- Cuid A: Cleachtadh eile é seo ar na forainmneacha réamhfhoclacha. Dul siar atá ann ar struchtúir éagsúla atá foghlamtha ag na foghlaimeoirí go dtí seo ach sa ghníomhaíocht seo táthar ag díriú a n-airde ar na forainmneacha réamhfhoclacha.
- Cuir an téip ar siúl nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu agus tabhair seans dóibh an ghníomhaíocht a cheartú.
- Míniú do na foghlaimeoirí gur gné iontach tábhachtach den ghramadach iad na forainmneacha réamhfhoclacha; go mbaianeann siad leis na teangacha Ceilteacha amháin; go bhfuil siad mar chuid iontach láidir den teanga agus go bhfuil sé deacair forbairt mar is ceart a dhéanamh ar an teanga gan tuiscint mhaith a bheith acu orthu.
- Cuid B: Tabhair seans don rang smaoineamh ar an difríocht idir ‘*tá súile gorma aici*’ agus ‘*tá gruaig dhubh air*’.
- Iarr ar gach beirt abairtí gairide a scríobh faoi na daoine faoi Chuid B.
- Iarr ar chúpla duine na habairtí a léamh amach duit. Bí cinnte go bhfuil na habairtí i gceart ag gach duine.

Feidhm: Ag rá cén chuma atá ar dhuine

Bileoga: 9.5, 9.6 agus 9.7

- Scaip **Bileog 9.5**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B agus Cuid C a dhéanamh.
- Cuir in iúl do na foghlaimeoirí nach bhfuil le déanamh anseo ach focail/frásaí a chur ar fáil, nach gá dóibh abairtí a scríobh. Mar shampla:

gruaig liath, ard, tanaí, súile gorma

- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad iad na haidiachtaí ar bhain siad úsáid astu le cur síos ar na daoine cáiliúla agus le cur síos a dhéanamh orthu féin (Cuid C).
- Scaip **Bileog 9.6** agus abair leis na foghlaimeoirí Cuid A a dhéanamh.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.

- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa pháosa.
 - Cuid B: Míniú d'óibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip agus go mbeidh orthu na focail a chuireann síos ar pháistí Jan a bhreacadh sna colúin chuí sa bhosca.
 - Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
 - Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad.
 - Cuir an téip ar siúl arís d'óibh más mian leo é.
 - Abair leo ansin abairtí iomlána a scríobh mar a bhí ar an téip. Ceartaigh na habairtí leis an rang ar fad sula mbogann tú ar aghaidh.
 - Cuid C: Caithfidh siad labhairt leis an duine in aice leo le cur síos fisiciúil a dhéanamh orthu féin. Tá abairt shamplach ann d'óibh.
- Scaip **Bileog 9.7** agus abair leis na foghlaimoirí Cuid A a dhéanamh.
 - I ndiaidh tamaill pléigh na ceisteanna leis an rang:

1. An bhfuil an focal **gruaig** baininsneach nó firinsneach?

Baininsneach – mar sin bíonn séimhiú ar aidiacht a thagann díreach ina dhiaidh.

2. An bhfuil an focal **súile** san uimhir uatha nó iolra?

Uimhir iolra – mar sin cuirtear a/e ag deireadh na haidiachta má chríochnaíonn an aidiacht le consan. Cuirtear a más consan leathan atá ann agus e más consan caol atá ann. Ní athraítear aidiacht má chríochnaíonn sí le guta.

súile gorma
brístí gairide
cailíní tanaí

- Scríobh na samplaí thuas ar an chlár dubh. Bí cinnte go bhfuil tuiscint mhaith ag na foghlaimoirí sula mbogann siad ar aghaidh go dtí Cuid B.
- Cuid B: Abair leo na bearnaí a líonadh iad féin ar dtús. Iarr orthu ansin a gcuid freagraí a sheiceáil leis an duine in aice leo.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad.
- Cuir an téip ar siúl arís d'óibh más mian leo é.
- Cuid C: Caithfidh siad labhairt leis an duine in aice leo le cur síos fisiciúil a dhéanamh ar a gcuid páistí nó ar a dteaghlaigh. Tá abairtí samplacha ann d'óibh.

Feidhm: Ag cur ceiste faoi phearsantacht duine

Bileoga: 9.8, 9.9 agus 9.10

- Scaip **Bileog 9.8**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.

- Abair leo smaoiniamh siar ar na rialacha a pléadh in Aonad 7 agus abair leo, den chuid is mó den am, go mbaineann inscne an fhocail le hinscne an duine. Tá eisceacht amháin sa bhosca agus mar sin iarr orthu na focail a sheiceáil san fhoclóir leis an eisceacht sin a aimsiú (*cailín*).
- Cuid B: Tabhair seans dóibh Cuid B a dhéanamh.
- Pléigh brí na n-aidiachtaí leis an rang ar fad.
- Cuid C: Tá orthu ansin abairtí a chumadh ag úsáid na n-ainmfhocal faoi Chuid A agus na n-aidiachtaí faoi Chuid B. Tá an sampla ann le cuidiú leo.
- Bí thusa thart le cuidiú leo chomh maith.
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang a gcuid abairtí a léamh amach agus ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.
- Nuair atá na habairtí ceartaithe agat abair leo a gcuid abairtí a léamh don duine in aice leo.

- Scaip **Bileog 9.9**, léigh na treoracha faoi Chuid A agus ansin cuir an téip ar siúl.
- Nuair atá an mhír cloiste ag an rang dhá uair iarr ar chúpla duine na freagraí a sholáthar duit. Cuir an téip ar siúl arís ag an phointe seo más gá.
- Cuid B: Cuir gach beirt ag obair le chéile lena gcuid tuairimí a phlé le chéile. Abair leo focal ar bith nach bhfuil acu a scríobh sa réalt agus go ndéanfar plé ar na focail seo ar ball.
- Nuair atá an chaint críochnaithe acu faigh na focail nach raibh ar eolas ag gach duine agus scríobh ar an chlár dubh iad. Faigh an Ghaeilge ar na focail seo le cuidiú ón rang iomlán.
- Cuid C: Caithfidh na foghlaimeoirí cur síos gairid a dhéanamh ar dhuine suimiúil a casadh orthu don duine in aice leo. Tosóidh siad an comhrá le habairt ar nós na habairte atá tugtha. Ba cheart go mbeadh an cuntas mar seo:

Bhuail mé le hEibhlín i mBaile Átha Cliath seachtain ó shin. Is bean an-suimiúil í. Tá sí cliste, cineálta agus greannmhar. Bean dhathúil í. Tá gruaig fhada dhubh uirthi agus súile glasa aici. Tá sí ard agus tanaí.

- Scaip **Bileog 9.10**, léigh na treoracha faoi Chuid A agus tabhair tamall dóibh an oiread agus is féidir a scríobh faoi na daoine faoi Chuid A.
- Cuid B: Nuair atá a bhfuil le rá acu faoi na daoine seo scríofa sa spás tugtha tá orthu labhairt leis an duine in aice leo. Cuirfidh siad an cheist:

Cén cineál duine é Tony Blair (i do thuairim)?

- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla ansin a dtuairimí a sholáthar duit faoi na daoine ar an mbileog.

Feidhm: Ag cur síos ar phearsantacht duine
Bileoga: 9.11 agus 9.12

- Tabhair **Bileog 9.11** do na mná sa rang agus **Bileog 9.12** do na fir sa rang.
- Cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Is cuma má bhíonn beirt fhear nó beirt bhan ag obair le chéile, beidh scéalta difriúla acu cibé.
- Iarr orthu féachaint ar an phictiúr faoi Chuid A agus tabhair tamall dóibh machnamh a dhéanamh ar an duine sa phictiúr – ar an chuma atá orthu, ar an chineál duine atá iontu agus ar na rudaí a dhéanann siad le chéile. Seo an duine a bhfuil siad ag siúl amach leis/léi. Abair leo a samhlaíocht a úsáid.
- Cuid B: Tabhair seans dóibh anois comhrá a bheith acu bunaithe ar na ceisteanna agus freagraí atá tugtha.
- Bí tú féin thart má bhíonn ceist ar bith acu.
- Iarr ar chúpla duine sa rang labhairt faoin duine sa phictiúr.

Feidhm: Ag déanamh cur síos ar laochra na hÉireann
Bileoga: 9.13

- Scaip **Bileog 9.13** ar na foghlaimeoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Abair leo an uimhir atá le gach pictiúr a chur in aice leis an ainm ceart de na laochra áirithe sin atá sa phictiúr.

Gráinne (4) Naoise agus Deirdre (5) Fionn Mac Cumhaill (2)
Niamh Chinn Óir (1) Niamh agus Oisín (3)

- Bí cinnte go bhfuil eolas ginearálta ag an rang ar na laochra seo.
- Iarr ar gach beirt ansin cur síos fisiciúil a dhéanamh ar na laochra seo.
- Abair leo plé a dhéanamh faoi phearsantachtaí na laochra má tá eolas ar bith acu fúthu.
- Déan plé faoi na laochra miotaseolaíochas leis an rang ar fad ansin.
- Cuid B: Iarr ar gach beirt smaoineamh ar laochra na hÉireann mar atá againn anois, dar leo.
- Caithfidh siad a bheith ábalta cur síos a dhéanamh, cosúil leis an chur síos gairid atá faoi Chuid B, ar na laochra a roghnaigh siad.